

Cúntóir Eagarthóireachta Taighde

Post ar conradh – suas le 30 mí ó 1 Meán Fómhair 2014

Tá FIONTAR ag earcú taighdeora ar conradh chun oibriú ar thionscadail éagsúla sna daonnachtaí digiteacha Gaeilge. Tá sé thionscadal taighde faoi chúram FIONTAR faoi láthair, agus d'fhéadfadh obair ar na tionscadail éagsúla a bheith i gceist ó am go ham: www.logainm.ie, www.focal.ie, www.ainm.ie, www.iate.europa.eu (na téarmaí Gaeilge), tionscadal téarmaí dlí agus www.duchas.ie, comhthionscadal le UCD chun digitiú a dhéanamh ar Chnuasach Bhéaloideas Éireann. Beidh an taighdeoir páirteach i meitheal idirdhisciplíneach FIONTAR.

Riachtanais:

Bunchéim onóracha sa Ghaeilge. Is gá céim Mháistreachta i réimse ábhartha mar aon le taithí chúí ghairmiúil i réimse na Gaeilge scríofa i ról eagarthóireachta, aistriúcháin nó taighde. Ní mór don iarrthóir a bheith inniúil ar obair thaighde a chur i gcrích agus a léiriú go bhfuil sé/sí in ann obair shlachtmhar a dhéanamh agus spriocanna a chomhlíonadh.

Tá caighdeán ard cruinnis sa Ghaeilge scríofa agus eolas ar an ngramadach riachtanach. Beidh tástáil scríofa sa Ghaeilge mar chuid den phróiseas earcaíochta.

Tuarastal ar an scála: €29,342–€30,200–€31,083

Tá fáilte roimh iarrthóirí teagmháil le FIONTAR chun an post seo a phlé: An Dr Caoilfhionn Nic Pháidín (01-7005173); caoilfhionn.nicphaidin@dcu.ie

Spriocdháta iarratais: Dé hAoine, 6 Meitheamh 2014.

Tá foirmeacha iarratais ar fáil ar: www.dcu.ie/vacancies/current.shtml nó ó :
Human Resources Department, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9. Fón: +353 (0)1 700 5149; Faics: +353 (0)1 700 5500
R-phost: hr.applications@dcu.ie

Fostóir comhdhiseanna is ea Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Déanann an Roinn Ealaíon Oidhreachta agus Gaeltachta páirtmhaoiniú ar chuid de na tionscadail seo.